2024/809

21.3.2024

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 185/2023

an 5 Iúil 2023

lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/809]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2022/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le córas píolótach le haghaidh bonneagair mhargaidh atá bunaithe ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 909/2014 agus Treoir 2014/65/AE ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointí 31ba (Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) agus 31baa (Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

   '— **32022 R 0858**: Rialachán (AE) 2022/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 (IO L 151, 2.6.2022, lch. 1).'

2. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 31bf (Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

   ', arna leasú le:

   — **32022 R 0858**: Rialachán (AE) 2022/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 (IO L 151, 2.6.2022, lch. 1).'

3. Cuirtear an méid a leanas isteach i ndiaidh phointe 31ca, (Cinneadh 2001/528/CE ón gCoimisiún):

   '31cc. **32022 R 0858**: Rialachán (AE) 2022/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le córas píolótach le haghaidh bonneagair mhargaidh atá bunaithe ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 909/2014 agus Treoir 2014/65/AE (IO L 151, 2.6.2022, lch. 1).

   Léifear forálacha an Rialacháin, chun críocha an Chomhaontaithe sin, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

   (a) cuirtear na focail 'Comhaontú LEE' in ionad na bhfocal 'Dlí an Aontais'.

   (b) In Airteagal 5(9), cuirtear na focail 'chóras airgeadais LEE, nó chóras airgeadais an Pháirtí Chonarthaigh lena mbaineann' in ionad 'chóras airgeadais an Aontais, nó do chóras airgeadais an Bhallstáit lena mbaineann'.

   (c) In Airteagal 11(4), cuirtear na focail 'reachtaíocht LEE maidir le seirbhísí airgeadais' in ionad 'reachtaíocht an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais'.

   (d) Maidir le hAirteagal 19(2), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, is mar seo a leanas a bheidh sé 'Déanfar é a chur i bhfeidhm laistigh de 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 185/2023 ó Chomhchoiste LEE an 5 Iúil 2023."

([1]) IO L 151, 2.6.2022, lch. 1.

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2022/858 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 6 Iúil 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Iúil 2023.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Pascal SCHAFHAUSER

* Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.